Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2024/0155(NLE)

8.04.2026

***

DRÉACHTMHOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine maidir leis an gcomhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis Phoblacht na Liobáine atá inniúil i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla
(13619/2024 – C10-0333/2025 – 2024/0155(NLE))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Jaroslav Bžoch

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

ACHOIMRE

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 8

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine maidir leis an gcomhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis Phoblacht na Liobáine atá inniúil i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla
(13619/2024 – C10-0333/2025 – 2024/0155(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle (13619/2024),

– ag féachaint don dréachtchomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis Phoblacht na hAirméine atá inniúil maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla (13239/24),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagail 16(2), 85, 218(6), fomhír 2(a)(v) agus Airteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0333/2025),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2026),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus údaráis Phoblacht na Liobáine.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is é is aidhm don Chinneadh seo ón gComhairle atá beartaithe an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Liobáine maidir leis an gcomhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis Phoblacht na Liobáine atá inniúil i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla (an 'Comhaontú') a fhormheas.

Cuireann comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le comhar ar chumas Eurojust comhoibriú go dlúth agus sonraí pearsanta a mhalartú le húdaráis inniúla tríú tíortha roghnaithe, toisc go ráthaítear leo go bhfuil coimircí leordhóthanacha i bhfeidhm maidir le sonraí pearsanta daoine aonair a chosaint. Tá dlúthchomhar Eurojust le húdaráis inniúla tríú tíortha fíor-riachtanach chun raon leathan cionta coireachta trasteorann tromchúiseacha agus casta a chomhrac amhail an sceimhlitheoireacht, an chibearchoireacht, an gháinneáil ar dhrugaí agus ar airm aindleathacha nó smuigleáil imirceach.

Tá sé beartaithe go mbeidh dlúthchomhar le tríú tíortha ina dhlúthchuid den Straitéis Eorpach nua um an tSlándáil Inmheánach. Mhol an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an gComhaontú cheana féin in 2020. Thug an Chomhairle a húdarú an 1 Márta 2021, agus cuireadh tús leis an gcaibidlíocht níos déanaí i mí na Nollag 2022. Tar éis dhá bhabhta cainteanna, tugadh an próiseas caibidlíochta chun críche go rathúil, agus thángthas ar réamh-chomhaontú an 11 Deireadh Fómhair 2023. Ghlac an Chomhairle an Cinneadh an 10 Deireadh Fómhair 2024. Shínigh an Coimisinéir Michael McGrath agus Aire Dlí agus Cirt na Liobáine, Adel Nassar, an Comhaontú an 2 Nollaig 2025.

Is é is cuspóir don Chomhaontú seo feabhas a chur ar an gcomhar breithiúnach idir Eurojust agus údaráis inniúla na Liobáine trí mhalartú faisnéise oibríochtúla idir Eurojust agus údaráis bhreithiúnacha na Liobáine a chumasú, chun tacú lena gcomhar agus é a neartú maidir le cionta coiriúla tromchúiseacha trasteorann a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Leis an gComhaontú, neartófar go mór freagairt chomhordaithe an Aontais agus na Liobáine ar an gcoireacht thromchúiseach thrasnáisiúnta, go háirithe an choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht, lena n-áirítear i gcomhthéacs imscrúduithe comhpháirteacha. Ar an gcúis sin, ceapfaidh an Liobáin Ionchúisitheoir Idirchaidrimh do Eurojust a oibreoidh in éineacht leis na hionchúisitheoirí ó Bhallstáit an Aontais agus ó thíortha comhpháirtíochta eile.

Foráiltear sa Chomhaontú freisin do choimircí láidre maidir le cosaint sonraí agus cearta bunúsacha a chomhlíonann na noirm Eorpacha. De réir Thuairim 19/2024 ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ('MECS') an 28 Lúnasa 2024, tugtar coimircí leordhóthanacha i dtéacs críochnaitheach an Chomhaontaithe maidir le príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint, lena gcuirtear coimircí breise ar fáil chun sonraí pearsanta shaoránaigh an Aontais arna n-aistriú ag Eurojust chuig údaráis na Liobáine a chosaint. I ndáil leis sin, chuir an Coimisiún an rapóirtéir agus na scáth-rapóirtéirí ar an eolas an 13 Aibreán 2026, á dheimhniú nach mbaineann an Comhaontú an bonn den phríobháideachas ná de chosaint sonraí i bhfabhar na slándála ar bhealach ar bith.

I bhfianaise a bhfuil thuas, molann an Rapóirtéir don Pharlaimint téacs an dréacht-chinnidh ón gComhairle a fhormhuiniú.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach, nár chuir sé san áireamh ina thuarascáil aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1]Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).